Cluichí agus Gníomhaíochtaí Gaeilge

*Seo a leanas roinnt smaointe maidir le cluichí agus gníomhaíochtaí taitneamhacha Gaeilge is féidir a dhéanamh mar chuid de cheiliúradh Rith 2012. Bheadh cuid acu oiriúnach le húsáid taobh amuigh nuair a bheidh na páistí ag fanacht le tosú ag rith. Cuid eile, d'fhéadfaí iad a úsáid chun leanúint leis an gceiliúradh agus leis an nGaeilge ar ais sa scoil. Níl iontu ach píosa spraoi – mar sin **tá siad oiriúnach do dhaoine de gach aois** – páistí óga, déagóirí agus daoine fásta fiú! Tapaigh an deis pobal uile na scoile a chur ag labhairt na Gaeilge agus bain triail as na cluichí seo ar lá Rith.*

Ciorcal na gContaetha

Uasmhéid: 26 duine.
Ag teastáil: spás chun suí/seasamh; ainmneacha na gcontaetha.

- Suíonn gach duine i gciorcal. Is féidir seasamh freisin, ach áit faoi leith a mharcáil do gach duine, m.sh cón/ciorcal srl. Tugtar ainm contae éagsúil do gach duine.
- Seasann duine amháin isteach sa lár agus scairteann sé/sí amach ainmneacha dhá chontae. Bíonn ar an mbeirt sin malartú áite. Déanann an duine sa lár iarracht spás/suíochán a fháil ar ais.
- Mar dhúshlán breise, is féidir níos mó na dhá chontae a ghlaoch amach, nó má scairteann an duine sa lár 'athraígí uile' caithfidh gach duine athrú.

Cé mise?

Ag teastáil: lipéid ghreamaitheacha, agus ainmneacha daoine cáiliúla scríofa orthu – ceann do gach duine.
Aidhm: ceisteanna a chur ar a chéile chun a fháil amach cén duine cáiliúil atá greamaithe a ndroma féin.

- Greamaigh ainm duine cáiliúil ar dhroim gach duine.
- Mínigh nach bhfuil cead ag na himreoirí insint dá chéile cén t-ainm atá greamaithe ar a ndroma. Níl cead acu ach ***tá/níl*** nó is ***ea/ní hea*** a thabhairt mar fhreagra.
- Cleacht cuid de na ceisteanna a bheidh ag teastáil: m.sh. An amhránaí mé? An fear mé? An bhfuil mé i mo chónaí in Éirinn?
- Siúlann na himreoirí timpeall. Aimsíonn gach duine páirtí. Léann siad ainmneacha a chéile. Is cead trí cheist a chur. Déantar babhtáil ar na ceisteanna (gach re ceann).
- Imreoirí a fhaigheann an t-ainm - bíonn an bua acu agus téann siad ar aghaidh go cluiche éigin eile.
- Imreoirí nach bhfuil an t-ainm ar eolas acu, téann siad ar aghaidh, aimsíonn siad páirtí nua agus cuireann siad ceisteanna ar a chéile arís.

Chuaigh mé ag rith agus chonaic mé _____ ar an mbealach

- Cluiche cainte i gciorcal is ea é seo – leagan éagsúil de *'Chuaigh mé ag siopadóireacht agus cheannaigh mé'*
- Suíonn nó seasann na himreoirí i gciorcal.
- Roghnaigh abairt amháin – m.sh,. Chuaigh mé ag rith agus chonaic mé ….
- Deir an chéad duine an abairt, agus cuireann siad focal amháin ann.
- Déanann an dara duine aithris ar ráiteas an chéad duine, agus cuireann siad rud amháin leis.
- Leantar ar aghaidh mar seo, an ráiteas ag éirí níos faide i gcónaí.
- Leaganacha éagsúla: *bhailigh mé ____ ar an mbealach, chaill mé _____ ar an mbealach; bhuail mé le ____ ar an mbealach; thosaigh mé ag _____ ar an mbealach.*
  Chuaigh mé ag rith agus thug mé _____ liom.

Ní raibh mé riamh … (Gnáthleagan)

Ag teastáil: cártaí imeartha- ceithre cinn do gach imreoir.

- Suíonn na himreoirí i gciorcal.
- Tugtar ceithre chárta do gach duine
- Glacann na rannpháirtithe turais abairt a rá ag tosú le *Ní raibh mé riamh …* M.sh. *Ní raibh mé riamh pósta. Ní raibh mé riamh i Meiriceá.* Caithfidh an abairt a bheith fíor.
- Imreoirí *a bhí* pósta nó *a bhí* i Meiriceá, bíonn orthu ceann de na cártaí atá acu a thabhairt don duine a dúirt an ráiteas sin.
- Ansin bíonn seal ag an gcéad duine eile abairt a rá ag tosú le *Ní raibh mé riamh ….*
- Leantar den chluiche go dtí go raibh deis ag gach duine ráiteas a thabhairt.
- Bíonn an bua ag an duine leis an méid is mó cártaí ag an deireadh.
- Bíonn a lán spraoi leis seo mar go mbíonn na rannpháirtithe ag iarraidh smaoineamh ar rudaí *nach bhfuil* déanta acu ach *atá* déanta ag daoine eile chun cártaí baill eile an ghrúpa a fháil uathu.

Ní raibh mé riamh: Leagan Rith – Tíreolaíocht na hÉireann

Ag teastáil: cártaí imeartha, licíní, cnaipí nó boinn ar bith - ceithre cinn do gach imreoir;
Léarscáil de Chúrsa Rith 2012 ar taispeáint.

- Suíonn na himreoirí i gciorcal.
- Tugtar ceithre chárta/cnaipe/licín do gach duine
- Deir an chéad duine *Ní raibh mé riamh i …* agus roghnaíonn sé/sí áit éigin ar Chúrsa Rith 2012 nach raibh sé/sí riamh ann. M.sh. *Ní raibh mé riamh in Inis Mór.* Caithfidh an ráiteas bheith fíor.
- Imreoirí a *bhí* san áit sin, bíonn orthu bíonn orthu ceann de na cártaí/licíní atá acu a thabhairt don duine a dúirt nach raibh siad riamh ann.
- Ansin bíonn seal ag an gcéad duine eile áit éigin ar an gcúrsa nach raibh siad riamh ann a ainmniú, m.sh. *Ní raibh mé riamh i Muineachán.* Arís, duine ar bith a bhí ann, tugann siad cárta don té a dúirt.
- Leantar den chluiche go dtí go raibh deis ag gach duine ráiteas a thabhairt.
- Bíonn an bua ag an duine leis an méid is mó cártaí ag an deireadh.

Cluichí agus Gníomhaíochtaí Gaeilge

Deir Ó Grádaigh

- Bíonn duine amháin 'ag glaoch' agus gach imreoir eile ag éisteacht. Is féidir le múinteoir/tuismitheoir an ról sin a ghlacadh ar dtús, ach de réir a chéile is féidir le páistí na gníomhaíochtaí a ghlaoch amach.
- Glaoitear amach sraith gníomhaíochtaí. Iad siúd a ndeirtear *Deir Ó Grádaigh* rompu, déanann na himreoirí iad. Na gníomhaíochtaí nach ndeirtear *Deir Ó Grádaigh* rompu, fanann na himreoirí socair agus déanann siad neamhaird dóibh. M.sh. *Deir Ó Grádaigh 'Bí ag rith'. Deir Ó Grádaigh 'Bí ag siúl'. Bí ag scipeáil.*
- Páiste ar bith a dhéanann gníomh i gcomhair *Bí ag scipeáil*, (an ceann nach bhfuil *Deir Ó Grádaigh* roimhe) bíonn orthu an cluiche a fhágáil go dtí an chéad bhabhta eile.
- Bíonn an bua ag an duine deireanach atá fágtha.
- Déan iarracht smaoineamh ar théamaí éagsúla gach uair – gníomhaíochtaí (ag léim, ag rith srl), uirlisí ceoil (bí ag seinm an ghiotáir), mothúcháin (bíodh eagla/fearg/sceitimíní ort), obair tí (bí ag glanadh an urláir, bí ag cócaireacht), spóirt (bí ag imirt leadóige, bí ag snámh) srl.

Gníomhamhrán: Ceann, gualainn, glúine 'is cos

Ag teastáil: spás chun gluaiseachta

- Canann gach duine an t-amhrán le chéile cúpla uair, ag déanamh na ngníomhaíochtaí cuí:
  Ceann, gualainn, glúine 's cos, glúine is cos (x2)
  Agus súile, cluasa, béal agus srón,
  Ceann, gualainn, glúine 'cos, glúine 's cos.
- Ansin roghnaítear focal amháin le fágáil ar lár. Ní chanann na páistí an focal sin, fágann siad spás ciúin san amhrán ina áit. M.sh. *Ceann, ……. glúine 's cos, glúine 's cos.*
- Leantar ar aghaidh, ag fágáil focail nua ar lár gach uair, go dtí go bhfuil na geatsaí ar fad á ndéanamh, agus gan focal ar bith á chanadh.

Grúpaí de …

Ag teastáil: spás chun gluaiseachta

- Ar dtús déanann gach duine cleachtadh ar na huimhreacha pearsanta 1 – 12: duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr, aon duine déag, dáréag.
- Bíonn duine amháin ag glaoch agus gach duine eile ag bogshodar timpeall.
- Glaoitear amach uimhir faoi leith: m.sh. *Grúpaí de sheisear*. Bíonn ar na himreoirí bailiú le chéile ina ngrúpaí den líon sin daoine.
- Daoine nach bhfuil i ngrúpa den líon ceart daoine, bíonn orthu an cluiche a fhágáil go dtí an chéad bhabhta eile (is féidir leo cabhrú leis na huimhreacha a ghlaoch amach).
- Bíonn an bua ag na daoine deireanacha atá fágtha.

Rince na nDealbh

Ag teastáil: spás chun gluaiseachta, trealamh chun ceol a sheinm (go hard), daoine chun bheith ina maoir.

- Cuirtear an ceol ar siúl, bíonn gach duine ag rince.
- Nuair a stopann an ceol, bíonn ar gach duine dealbh a dhéanamh.
- Siúlann na maoir timpeall, ag féachaint ar na dealbha. Aon imreoir a bhogann, bíonn orthu an cluiche a fhágáil go dtí an chéad bhabhta eile (is féidir leo cabhrú leis na maoir).
- Bíonn an bua ag na daoine deireanacha atá fágtha sa chluiche.

Cuir Thart An Beart!

Ag teastáil:

- trealamh chun ceol a sheinm (go hard),
- balúin, iad séidte suas agus nótaí beaga curtha isteach iontu: m.sh. *Is madra tú –bhuf bhuf bhuf; Is bó tú –mú, mú mú; Bí ag rith; Bí ag rince. Is eitleán tú – téigh timpeall an chiorcail mar eitleán. Is dochtúir tú – tabhair instealladh do dhuine éigin.* Is féidir na horduithe a chur in oiriúint do chumas léitheoireachta an ghrúpa.

Conas imirt:

- Cuirtear an ceol ar siúl agus seoltar an balún timpeall an chiorcail.
- Nuair a stopann an ceol bíonn ar an bpáiste leis an mbalún é a phléascadh agus an nóta gairid a léamh.
- Ansin, tugtar balún eile don ghrúpa agus cuirtear an ceol ar siúl arís.

Tóraíocht Taisce: 'Ar thóir an óir'

Ag teastáil:

- Airgead seacláide
- Leabhar Ticéad (péire de gach uimhir: m.sh. *dhá uimhir a haon, dhá uimhir a deich*)

Conas imirt:

- Greamaítear ticéad amháin ar gach bonn seacláide.
- Cuirtear na boinn seacláide ar fad i bhfolach sa an halla/sa chlós.
- Tugtar amach na ticéid bhreise ansin, ceann do gach páiste.
- Pé uimhir a fhaigheann an páiste, bíonn orthu an leathphéire a aimsiú. Nuair a fhaigheann an páiste an uimhir cheart, coimeádann siad an milseán!

Cluichí teanga eile

- **Feicim le mo shúilín beag**, rud éigin a thosaíonn leis an litir *'s'*. Cad é?
- **Buzz**: Roghnaítear uimhir dhraíochta (m.sh. 3) agus deirtear *'buzz'* ina háit agus in ait gach uimhreach ina mbíonn sí (m.sh. 3, 13, 23 …) Tosaíonn an grúpa ag comhaireamh, agus bíonn orthu *buzz* a rá in áit na n-uimhreacha sin. Leantar ar aghaidh timpeall an ghrúpa ag comhaireamh. Tá sé níos deacra ná mar a shílfeá. Mar dhúshlán breise - roghnaigh uimhreacha eile agus abair *fizz* agus *bang* ina n-áit.
- **Cluiche Kim**: cuirtear réimse rudaí ar thrádaire. Deirtear gach focal os ard. Ansin féachann na himreoirí sa treo eile, agus baintear ceann amháin de na rudaí. Bíonn ar na himreoirí cuimhneamh ar gach a raibh ann agus an rud atá in easnamh a ainmniú.
- **An Spota Te**: ceisteanna á gcur ar dhalta amháin ag an múinteoir agus ag an gcuid eile rang.
- Charades as Gaeilge: Oibríonn na himreoirí i bhfoirne. Roghnaítear ainm scannáin/leabhair/amhrán. Déanann duine amháin ón bhfoireann mím chun an teideal a léiriú, agus bíonn ar an chomh-imreoirí é a thomhas.
- **Liosta aibítre**: smaoineamh ar fhocail a thosaíonn le litreacha áirithe san aibítir (m.sh. **S – s**neachta, **s**úgradh, **s**ona **s**ásta), le gach litir ceann ar cheann (m.sh. **a**sal, **b**ád, **c**athaoir, **d**oras, **e**ala) nó leis an litir dheireanach den fhocal a dúradh roimhe (m.sh. **l**eanb**h**, **h**at**a**, **a**sa**l**, **l**iathró**d**, **d**ora**s**, **s**uipéar). Is féidir leis na himreoirí bosa a bhualadh le chéile agus bíonn ar an gcéad duine eile focal a rá sula bhfuil na bosa buailte arís.
- **Cé mé?** Geáitsí á ndéanamh a bhaineann le slí bheatha éigin.
- **Déan cur síos**: Déantar cur síos ar rud éigin sa seomra ranga gan an t-ainm a lua. Tógtar tomhais leis an rud a ainmniú.
- **Liosta téama**: Smaoiníonn an chéad páiste ar fhocail a bhaineann le téama áirithe. Cuireann an dara duine leis agus deir sé/sí an dá fhocal – ispíní, úll, píseanna, bricfeasta
- **Agallamh raidió**: Scríobh amach liosta de deich gceist. Roghnaítear beirt chun iad a fhreagairt mar 'agallamh'.
- **Cluiche na dTreoracha**: Dúnann páiste amháin a shúile agus treoraíonn an rang thart timpeall é.
- **Am Ciorcail**: Suíonn gach duine i gciorcal le liathróid. Caitear an liathróid chugat agus bíonn ort focal amháin a rá a bhaineann le téama faoi leith.
- **Fiche Ceist**: ceisteanna á gcur ar an múinteoir.